351

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

# STAIDÉAR FOIRGNÍOCHTA – CUID 1 (TEOIRIC)

## GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 4.30

(Tá 200 marc ag dul don pháipéar seo)

**(a)** Freagair Ceist 1 agus trí cheist eile.
**(b)** Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch agus na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.
**(c)** Scríobh uimhir na ceiste go soiléir i gciumhais an pháipéir roimh gach freagra ar leith.
**(d)** Ba chóir saorsceitsí nó léaráidí a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.
**(e)** Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhar ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.
**(f)** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*

---

1. (a) De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach trí sceimheal dín tílithe ar claonadh $30^{O}$. Tá an díon ar iompar ag cuasbhalla inslíthe 300 mm.

(b) Taispeáin ar do líníocht modh aerála don díon ag leibhéal na sceimhle.

2. (a) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus taispeáin na mionsonraí tógála:
(i) do landair stoda neamh-ualachiompartha;
(ii) do bhlocbhalla soladach coincréite neamh-ualachiompartha.

(b) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus taispeáin na mionsonraí tógála is gá chun dorasbhéal a dhéanamh sa landair stoda **nó** sa bhlocbhalla soladach coincréite.

3. (a) Bain úsáid as sceitsí néata saorláimhe agus taispeáin go mion **dhá** shaghas fotha a bheadh oiriúnach do theach cónaithe. Ainmnigh an dá shaghas fotha.

(b) Déan cur síos ar na cúinsí talún is mó a d'oirfeadh don dá shaghas fotha faoi seach.

4. (a) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus taispeáin córas oiriúnach le séarachas a réiteach i gcomhair tí atá suite faoin tuath.

(b) Déan cur síos ar **dhá** ghné den chóras seo le séarachas a réiteach a chuireann lena oiriúnacht do thimpeallacht tuaithe.

5. (a) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus taispeáin an phíbobair agus na comhlaí atá riachtanach d'fhonn uisce fuar a sholáthar chuig doirteal cistine.

(b) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus déan cur síos ar ghné dheartha **amháin** chun an fuíolluisce a scaoileadh amach go sábháilte ó dhoirteal cistine.

6. (a) Déan cur síos ar **thrí** áit ina bhféadfadh taise teacht isteach i bhfoirgneamh.

(b) Roghnaigh **ceann amháin** de na háiteanna a luaitear agus déan cur síos, ag baint úsáide as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe, ar **dhá** réamhchúram a d'fhéadfaí a dhéanamh le linn tógála chun cosc a chur leis an treá taise.

7. (a) Luaigh **trí** chúis go bhfuil gá le cead pleanála chun teach cónaithe a thógáil.

(b) Liostaigh na próisis a leantar agus na doiciméid is gá a réiteach nuair atáthar ag déanamh iarratais ar Chead Pleanála Iomlán do theach cónaithe.

8. (a) Ainmnigh uirlis chumhachta nó meaisín **amháin** a úsáidtear go minic sa seomra staidéir fhoirgníochta.
Liostaigh **trí** réamhchúram sábháilteachta ar chóir iad a bheith fógraithe in áit fheiceálach gar don uirlis nó don mheaisín seo agus mínigh go mionchruinn na cúiseanna do gach réamhchúram sábháilteachta a luaitear.

(b) Liostaigh **trí** réamhchúram sábháilteachta ar chóir do mhic léinn iad a chur i bhfeidhm agus obair phraiticiúil ar bun acu sa seomra staidéir fhoirgníochta.

9. Mínigh, le cúnamh nótaí agus sceitsí néata saorláimhe, **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

(i) maide balla;
(ii) coirnis;
(iii) rachta;
(iv) lindéar coincréite;
(v) galbhacainn;
(vi) imchásáil;
(vii) ballacheangal.